Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Feabhra 2022**
**(OR. en)**

**6005/22**
**ADD 1**

**FIN 122**
**PE-L 9**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste um an mBuiséad |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Moltaí ón gComhairle maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do na comhghnóthais i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020<br>– *Glacadh* |


IARSCRÍBHINN 1: An Comhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt ........ 2

IARSCRÍBHINN 2: An Comhghnóthas Taighde um Bainistíocht Aerthráchta maidir leis an Aerspás Eorpach Aonair (SESAR) ........ 6

IARSCRÍBHINN 3: An Comhghnóthas ‘Spéir Ghlan 2’ ........ 9

IARSCRÍBHINN 4: An Comhghnóthas maidir leis an Tionscnamh um Chógais Leighis Nuálacha 2 ........ 12

IARSCRÍBHINN 5: An Comhghnóthas um Chealla Breosla agus um Hidrigin 2 ........ 15

IARSCRÍBHINN 6: An Comhghnóthas Comhpháirteanna agus Córais Leictreonacha le haghaidh Ceannaireacht Eorpach (ECSEL) ........ 19

IARSCRÍBHINN 7: An Comhghnóthas Tionscail Bhithbhunaithe ........ 22

IARSCRÍBHINN 8: An Comhghnóthas Shift2Rail ........ 25

IARSCRÍBHINN 9: An Comhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach ........ 28

**IARSCRÍBHINN 1**

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**
**an**
**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir**
**an Chomhghnóthais Eorpaigh um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt**
**maidir le cur chun feidhme bhuiséad**
**an Chomhghnóthais Eorpaigh um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt**
**don bhliain airgeadais 2020**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Chinneadh 2007/198/Euratom ón gComhairle an 27 Márta 2007 lena mbunaítear an Comhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt agus buntáistí a thabhairt dó[1], agus go háirithe Airteagal 5(3) de agus an ceathrú fomhír d'Airteagal 15(1) den Iarscríbhinn a ghabhann leis,

Ag féachaint do Rialachán Airgeadais an Chomhghnóthais Eorpaigh um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt a ghlac a Bhord Rialaithe an 2 Nollaig 2015,

Tar éis dó scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais an Chomhghnóthais um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt don bhliain airgeadais 2020, dá ngairtear an 'Comhghnóthas' anseo feasta, agus ar a chlár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2020 , chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla an Chomhghnóthais don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh freagraí an Chomhghnóthais ar bharúlacha na Cúirte léi[2],

---

[1] IO L 90, 30.3.2007, lch. 58.
[2] IO C 458, 12.11.2021, lch. 20.

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh chun feidhme buiséad an Chomhghnóthais ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir an Chomhghnóthais i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

**BARÚLACHA A GHABHANN LEIS**
**AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DON**
**CHOMHGHNÓTHAS EORPACH UM ITER AGUS UM FHUINNEAMH COMHLEÁ A FHORBAIRT**

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla an Chomhghnóthais mar a bhí an 31 Nollaig 2020, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialacha Airgeadais an Chomhghnóthais, agus go bhfuil na hidirbhearta is bunús leo do 2020 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Tarraingíonn an Chomhairle aird ar an mbarúil ón gCúirt go nochtar i gcuntais bhliantúla an Chomhghnóthais don bhliain airgeadais 2020 a mheastachán ar an gcostas iomlán chun oibleagáidí seachadta do thionscadal ITER a chur i gcrích ach go bhfuil baol ann fós go bhféadfadh méaduithe suntasacha ar chostais agus/nó tuilleadh moilleanna ar chur chun feidhme thionscadal ITER a bheith ann mar thoradh ar athruithe ar na príomhthoimhdí maidir leis an meastachán agus leis an neamhchosaint ar riosca.

Tugann an Chomhairle dá haire an cinneadh ón gCúirt maidir le roinnt easnamh i bhfeidhmchlár TF an Chomhghnóthais lena mbainistítear gealltanais agus conarthaí dlíthiúla (DACC) agus maidir le bainistiú doiciméad (IDM). Áirítear ar na heasnaimh sin, *inter alia*, gnéithe dlíthiúla a bhaineann le creat tarmligin an Chomhghnóthais a chur chun feidhme agus ríomhshínithe ardleibhéil a úsáid, gnéithe teicniúla lena n-áirítear cearta rochtana úsáideoirí a bhunú agus cuntais grúpaí fíorúla a úsáid, agus gnéithe rialaithe inmheánaigh a bhaineann le comhlíontacht iomlán na gcóras TF áitiúil le tarmligean na gcearta údarúcháin agus le cruinneas na sonraí cuntasaíochta agus airgeadais. Iarrann an Chomhairle ar an gComhghnóthas a áirithiú go ndéanfar tarmligean ceart údarúcháin ina chórais TF áitiúla a ailíniú go cuí le córas lárnach faisnéise airgeadais an Choimisiúin (ABAC).

Iarrann an Chomhairle freisin ar an gComhghnóthas feabhas a chur ar thrédhearcacht a nósanna imeachta earcaíochta, an modh ríofa le haghaidh ranníocaíochtaí bliantúla ballraíochta a ailíniú go hiomlán le forálacha comhfhreagracha a Rialacháin Airgeadais, agus aon fheabhsú breise ar a thairseach ríomhsholáthair a shioncrónú le réiteach ríomhsholáthair an Choimisiúin.

**IARSCRÍBHINN 2**

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chomhghnóthais Taighde um Bainistíocht Aerthráchta maidir leis an Aerspás Eorpach Aonair (SESAR)**

**i leith chur chun feidhme bhuiséad**

**an Chomhghnóthais SESAR**

**don bhliain airgeadais 2020**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 219/2007 ón gComhairle an 27 Feabhra 2007 maidir le Comhghnóthas a bhunú chun glúin nua an chórais Eorpaigh um bainistíocht aerthráchta (SESAR) a fhorbairt[1], agus go háirithe Airteagal 4b de,

Ag féachaint do Rialacha Airgeadais an Chomhghnóthais SESAR a ghlac a Bhord Riaracháin an 25 Meitheamh 2015,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais an Chomhghnóthais SESAR don bhliain airgeadais 2020, dá ngairtear an 'Comhghnóthas' anseo feasta, agus ar a chlár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2020, , chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla an Chomhghnóthais don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh freagraí an Chomhghnóthais ar bharúlacha na Cúirte léi[2],

---

1 IO L 64, 2.3.2007, lch. 1.
2 IO C 458, 12.11.2021, lch. 20.

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020 barúil áirithe ón gComhairle, barúil atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar an mbarúil sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh chun feidhme buiséad an Chomhghnóthais ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chomhghnóthais i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

<u>**Iarscríbhinn a ghabhann le hIARSCRÍBHINN 2**</u>

**BARÚIL A GHABHANN LEIS**
**AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DON <u>CHOMHGHNÓTHAS TAIGHDE UM BAINISTÍOCHT AERTHRÁCHTA MAIDIR LEIS AN AERSPÁS EORPACH AONAIR (SESAR)</u>**

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla an Chomhghnóthais mar a bhí an 31 Nollaig 2020, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialacha Airgeadais an Chomhghnóthais, agus go bhfuil na hidirbhearta is bunús leo do 2020 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, tá barúil amháin nach mór a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire an cinneadh ón gCúirt nach ndearna an Comhghnóthas cistí SCE a fuarthas mar ioncam sannta trí bhuiséad leasaitheach a chur ina bhuiséad don bhliain 2020 trí bhíthin buiséad leasaitheach, ná nach ndearna sé iad a mheas agus riachtanais iarbhír á bpleanáil don líne bhuiséid lena mbaineann. Mar thoradh air sin, bhí cur chun feidhme easnamhach suntasach den líne bhuiséid ann. Agus freagra an Chomhghnóthais á admháil aici, iarrann an Chomhairle ar an gComhghnóthas feabhas a chur ar a phleanáil agus ar a bhainistiú buiséid le haghaidh ioncam sannta chun a leithéid de chur chun feidhme easnamhach a sheachaint.

**IARSCRÍBHINN 3**

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin**

**an Chomhghnóthais 'Spéir Ghlan 2'**

**i leith chur chun feidhme bhuiséad**

**an Chomhghnóthais 'Spéir Ghlan 2'**

**don bhliain airgeadais 2020**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 558/2014 ón gComhairle an 6 Bealtaine 2014 lena mbunaítear an Comhghnóthas 'Spéir Ghlan 2'[1], agus go háirithe Airteagal 12 de,

Ag féachaint do Rialacha Airgeadais an Chomhghnóthais 'Spéir Ghlan 2' a ghlac a Bhord Rialaithe an 19 Aibreán 2016,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais an Chomhghnóthais 'Spéir Ghlan 2' don bhliain airgeadais 2020, dá ngairtear an 'Comhghnóthas' anseo feasta, agus ar a chlár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2020 , chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla an Chomhghnóthais don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh freagraí an Chomhghnóthais ar bharúlacha na Cúirte léi[2],

[1] IO L 169, 7.6.2014, lch. 77.
[2] IO C 458, 12.11.2021, lch. 20.

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh chun feidhme buiséad an Chomhghnóthais ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chomhghnóthais i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

**BARÚLACHA A GHABHANN LEIS**
**AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DON**
**CHOMHGHNÓTHAS 'SPÉIR GHLAN 2'**

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla an Chomhghnóthais amhail an 31 Nollaig 2020, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais an Chomhghnóthais, agus go bhfuil na hidirbhearta is bunús leo do 2020 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Tarraingíonn an Chomhairle aird ar an mbarúil ón gCúirt nár chloígh an Comhghnóthas go hiomlán leis na rialacha airgeadais maidir le hord cur chun feidhme na leithreasuithe buiséid atá ar fáil agus iarrann sí ar an gComhghnóthas feabhas a chur ar a phleanáil agus a bhainistiú buiséadach i ndáil leis an méid sin.

Iarrann an Chomhairle freisin ar an gComhghnóthas staonadh ó dhul timpeall ar an gcuspóir maidir le soláthar cobhsaí foirne trí fhoireann eatramhach a úsáid le haghaidh obair de chineál buan agus iarrann sí ar an gComhghnóthas bealaí eile a aimsiú, amhail ord tosaíochta nó atheagrú, chun aon riachtanais bhreise foirne a líonadh.

**IARSCRÍBHINN 4**

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**
**an**
**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chomhghnóthais maidir leis an Tionscnamh um Chógais Leighis Nuálacha 2 i leith chur chun feidhme bhuiséad an Chomhghnóthais maidir leis an Tionscnamh um Chógais Leighis Nuálacha 2 don bhliain airgeadais 2020**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 557/2014 ón gComhairle an 6 Bealtaine 2014 lena mbunaítear an Comhghnóthas maidir leis an Tionscnamh um Chógais Leighis Nuálacha 2[1], agus go háirithe Airteagal 12 de,

Ag féachaint do Rialacha Airgeadais an Chomhghnóthais maidir leis an Tionscnamh um Chógais Leighis Nuálacha 2 a ghlac a Bhord Rialaithe an 22 Nollaig 2015,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais an Chomhghnóthais maidir leis an Tionscnamh um Chógais Leighis Nuálacha 2 don bhliain airgeadais 2020, dá ngairtear an 'Comhghnóthas' anseo feasta, agus ar a chlár comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2020, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla an Chomhghnóthais don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh freagraí an Chomhghnóthais ar na barúlacha ón gCúirt léi[2],

---

1 IO L 169, 7.6.2014, lch. 54.
2 IO C 458, 12.11.2021, lch. 20.

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020 barúil áirithe ón gComhairle, barúil atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar an mbarúil sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh chun feidhme buiséad an Chomhghnóthais ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chomhghnóthais i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

**BARÚIL A GHABHANN LEIS AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DON CHOMHGHNÓTHAS MAIDIR LEIS AN TIONSCNAMH UM CHÓGAIS LEIGHIS NUÁLACHA 2**

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla an Chomhghnóthais amhail an 31 Nollaig 2020, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialacha Airgeadais an Chomhghnóthais, agus go bhfuil na hidirbhearta is bunús leo do 2020 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, tá barúil amháin nach mór a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire an bharúil ón gCúirt gur carnaíodh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochta nár úsáideadh agus ráta íseal cur chun feidhme le haghaidh bhuiséad riaracháin an Chomhghnóthais (tuairim is 3 % den bhuiséad iomlán) mar thoradh ar an gcleachtas atá ag an gComhghnóthas leithreasuithe riaracháin faoi chomhair íocaíochta nár úsáideadh sna blianta roimhe sin a athfheidhmiú a mhéid céanna le gealltanais riaracháin oscailte. Agus tionchar phaindéim COVID-19 ar na costais riaracháin bheartaithe á thabhairt dá haire aici, aontaíonn an Chomhairle leis an tuairim ón gCúirt agus iarrann sí ar an gComhghnóthas na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochta nár úsáideadh ó na blianta roimhe sin a athfheidhmiú le haghaidh an bhuiséid riaracháin go díreach a mhéid nach leor leithreasuithe faoi chomhair íocaíochta na bliana chun oibleagáidí faoi chomhair íocaíochta na bliana a chumhdach.

<u>**IARSCRÍBHINN 5**</u>

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin Chomhghnóthais um Chealla Breosla agus um Hidrigin 2 i leith chur chun feidhme bhuiséad an Chomhghnóthais um Chealla Breosla agus um Hidrigin 2 don bhliain airgeadais 2020**

Tá COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 559/2014 ón gComhairle an 6 Bealtaine 2014 lena mbunaítear an Comhghnóthas um Chealla Breosla agus um Hidrigin 2 [1], agus go háirithe Airteagal 12 de,

Ag féachaint do Rialacha Airgeadais an Chomhghnóthais um Chealla Breosla agus um Hidrigin 2 a ghlac a Bhord Rialaithe an 20 Bealtaine 2016,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais an Chomhghnóthais um Chealla Breosla agus um Hidrigin 2 don bhliain airgeadais 2020, dá ngairtear an 'Comhghnóthas' anseo feasta, agus ar a chlár comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2020, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla an Chomhghnóthais don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh freagraí an Chomhghnóthais ar na barúlacha ón gCúirte léi[2],

---

[1] IO L 169, 7.6.2014, lch. 108.
[2] IO C 458, 12.11.2021, lch. 20.

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh chun feidhme buiséad an Chomhghnóthais ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chomhghnóthais i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## BARÚLACHA A GHABHANN LEIS AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DON CHOMHGHNÓTHAS UM CHEALLA BREOSLA AGUS UM HIDRIGIN 2

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla an Chomhghnóthais amhail an 31 Nollaig 2020, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar críoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais an Chomhghnóthais, agus go bhfuil na hidirbhearta is bunús leo do 2020 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire an bharúil ón gCúirt gur carnaíodh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochta nár úsáideadh agus ráta íseal cur chun feidhme le haghaidh bhuiséad riaracháin an Chomhghnóthais (tuairim is 3 % den bhuiséad iomlán) mar thoradh ar an gcleachtas atá ag an gComhghnóthas leithreasuithe riaracháin faoi chomhair íocaíochta nár úsáideadh sna blianta roimhe sin a athfheidhmiú a mhéid céanna le gealltanais riaracháin oscailte. Agus tionchar phaindéim COVID-19 ar na costais riaracháin bheartaithe á thabhairt dá haire aici, aontaíonn an Chomhairle leis an tuairim ón gCúirt agus iarrann sí ar an gComhghnóthas na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochta nár úsáideadh ó na blianta roimhe sin a athfheidhmiú le haghaidh an bhuiséid riaracháin go díreach a mhéid nach leor leithreasuithe faoi chomhair íocaíochta na bliana chun oibleagáidí faoi chomhair íocaíochta na bliana a chumhdach.

Tugann an Chomhairle dá haire freisin an bharúil ón gCúirt nach bhféadfaí an cóimheas idir praghas agus cáilíocht a léiriú mar gheall ar easnaimh san úsáid a bhaintear as nós imeachta um sholáthar oscailte le haghaidh creatchonartha i gcás buntáiste eolais. Iarrann an Chomhairle ar an gComhghnóthas feabhas a chur ar a nósanna imeachta um sholáthar i gcás buntáiste eolais chun an cóimheas is fearr is féidir idir praghas agus cáilíocht a chinntiú agus é sin a dhearbhú leis na doiciméid iomchuí.

Iarrann an Chomhairle ar an gComhghnóthas staonadh ó fhoireann eatramhach a úsáid le haghaidh tascanna leanúnacha agus ar an gcaoi sin, poist ar chuma post buan a chruthú, chomh maith leis na poist a fhoráiltear dóibh sa phlean bunaíochta foirne. Iarrann an Chomhairle ar an gComhghnóthas bealaí eile a aimsiú, amhail ord tosaíochta nó atheagrú, chun aon riachtanais bhreise foirne a líonadh.

**IARSCRÍBHINN 6**

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chomhghnóthais um Chomhpháirteanna agus Córais Leictreonacha le haghaidh Ceannaireacht Eorpach i leith chur chun feidhme bhuiséad an Chomhghnóthais ECSEL don bhliain airgeadais 2020**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 561/2014 ón gComhairle an 6 Bealtaine 2014 lena mbunaítear an Comhghnóthas ECSEL[1], agus go háirithe Airteagal 12 de,

Ag féachaint do Rialachán Airgeadais an Chomhghnóthais ECSEL a ghlac a Bhord Rialaithe an 10 Deireadh Fómhair 2016,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais an Chomhghnóthais ECSEL don bhliain airgeadais 2020, dá ngairtear an 'Comhghnóthas' anseo feasta, agus ar a chlár comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2020, chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla an Chomhghnóthais don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh freagraí an Chomhghnóthais ar na barúlacha ón gCúirt léi[2],

1 IO L 169, 7.6.2014, lch. 152.
2 IO C 458, 12.11.2021, lch. 20.

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020 barúil áirithe ón gComhairle, barúil atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar an mbarúil sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh chun feidhme buiséad an Chomhghnóthais ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chomhghnóthais i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## BARÚIL A GHABHANN LEIS AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DON CHOMHGHNÓTHAS UM CHOMHPHÁIRTEANNA AGUS CÓRAIS LEICTREONACHA AR MHAITHE LE CEANNAIREACHT EORPACH (ECSEL)

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla an Chomhghnóthais mar a bhí an 31 Nollaig 2020, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialacha Airgeadais an Chomhghnóthais, agus go bhfuil na hidirbhearta is bunús leo do 2020 dlíthiúil agus rialta. Mar sin féin, tá barúil amháin nach mór a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire an easpa soiléireachta agus easpa iomláine ina tuairisciú airgeadais ar ranníocaíochtaí na gcomhpháirtithe eile leis na tionscadail FP7 a ghlac an Comhghnóthas air féin le cur chun feidhme ó na Comhghnóthais a bhí ann roimhe (ARTEMIS agus ENIAC), agus iarrann sí ar an gComhghnóthas é sin a cheartú amach anseo.

**IARSCRÍBHINN 7**

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an.**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chomhghnóthais Tionscail Bhithbhunaithe i leith chur chun feidhme bhuiséad an Chomhghnóthais Tionscail Bhithbhunaithe don bhliain airgeadais 2020**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 560/2014 ón gComhairle an 6 Bealtaine 2014 lena mbunaítear an Comhghnóthas Tionscail Bhithbhunaithe[1], agus go háirithe Airteagal 12 de,

Ag féachaint do Rialacha Airgeadais an Chomhghnóthais Tionscail Bhithbhunaithe a ghlac a Bhord Rialaithe an 23 Nollaig 2015,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais an Chomhghnóthais Tionscail Bhithbhunaithe don bhliain airgeadais 2020, dá ngairtear an 'Comhghnóthas' anseo feasta, agus ar a chlár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2020 chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla an Chomhghnóthais don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh freagraí an Chomhghnóthais ar bharúlacha na Cúirte léi[2],

1 IO L 169, 7.6.2014, lch. 130.
2 IO C 380, 11.11.2020, lch. 6.

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh chun feidhme buiséad an Chomhghnóthais ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chomhghnóthais i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

**BARÚLACHA A GHABHANN LEIS**
**AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DON <u>CHOMHGHNÓTHAS TIONSCAIL BHITHBHUNAITHE</u>**

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla an Chomhghnóthais mar a bhí an 31 Nollaig 2020, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialacha Airgeadais an Chomhghnóthais, agus go bhfuil na hidirbhearta is bunús leo do 2020 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire agus is cúis imní di nach bhfuil ag deireadh 2020, ach 53 % den sprioc íosta a leagadh síos bainte amach ag ranníocaíochtaí comhchineáil chomhaltaí an tionscail le haghaidh ghníomhaíochtaí breise Fís 2020. Agus freagra an Chomhghnóthais á admháil aici, iarrann an Chomhairle go leanfaí leis na hiarrachtaí chun an sprioc a leagtar síos maidir le rannchuidiú comhaltaí tionscail le haghaidh gníomhaíochtaí breise a bhaint amach.

Molann an Chomhairle don Chomhghnóthas cuimsiú iomlán na gceithre ábhar taispeántais straitéiseacha a áirithiú, i gcomhréir lena clár oibre taighde sa phlean oibre.

**IARSCRÍBHINN 8**

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do**

**Stiúrthóir Feidhmiúcháin Chomhghnóthas Shift2Rail**

**i leith chur chun feidhme bhuiséad**

**Chomhghnóthas Shift2Rail**

**don bhliain airgeadais 2020**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 642/2014 ón gComhairle an 16 Meitheamh 2014 lena mbunaítear Comhghnóthas Shift2Rail[1], agus go háirithe Airteagal 12 de,

Ag féachaint do Rialachán Airgeadais Chomhghnóthas Shift2Rail a ghlac a Bhord Rialaithe an 11 Nollaig 2015,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais Chomhghnóthas Shift2Rail don bhliain airgeadais 2020, dá ngairtear an 'Comhghnóthas' anseo feasta, agus ar a chlár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2020 chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla an Chomhghnóthais don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh freagraí an Chomhghnóthais ar bharúlacha na Cúirte léi[2],

---

1 IO L 177, 17.6.2014, lch. 9.

2 IO C 458, 12.11.2021, lch. 20.

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020 barúil áirithe ón gComhairle, barúil atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar an mbarúil sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh chun feidhme buiséad an Chomhghnóthais ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chomhghnóthais i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

**BARÚIL A GHABHANN LEIS**
**AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DON CHOMHGHNÓTHAS SHIFT2RAIL**

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla an Chomhghnóthais mar a bhí an 31 Nollaig 2020, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais an Chomhghnóthais, agus go bhfuil na hidirbhearta is bunús leo do 2020 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, tá barúil amháin nach mór a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire agus is ábhar imní di nach n-urramaíonn Bord Rialaithe an Chomhghnóthais a cuid rialacha i dtaca le coinbhleachtaí leasa is infheidhme maidir le comhlachtaí an Chomhghnóthais a chosc agus a bhainistiú. Agus freagra an Chomhghnóthais á admháil aici, iarrann an Chomhairle go bhfoilseofaí CVanna cothrom le dáta agus dearbhuithe coinbhleachta leasa uile na gcomhaltaí príobháideacha a luaithe is féidir ar shuíomh gréasáin an Chomhghnóthais.

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**
**an**
**maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin**
**an Chomhghnóthais Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpaigh**
**i leith chur chun feidhme bhuiséad**
**an Chomhghnóthais Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpaigh**
**don bhliain airgeadais 2020**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 2021/1173 ón gComhairle an 13 Iúil 2021 lena mbunaítear an Comhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1488[1], agus go háirithe Airteagal 4 de,

Ag féachaint do Rialacha Airgeadais an Chomhghnóthais Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpaigh a ghlac a Bhord Riaracháin an 20 Feabhra 2020,

Tar éis di scrúdú a dhéanamh ar chuntais ioncaim agus chaiteachais an Chomhghnóthais Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020, dá ngairtear an 'Comhghnóthas' anseo feasta, agus ar a chlár comhardaithe mar a bhí an 31 Nollaig 2020 chomh maith leis an tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí maidir le cuntais bhliantúla an Chomhghnóthais don bhliain airgeadais 2020, ar ghabh freagraí an Chomhghnóthais ar na barúlacha ón gCúirt léi[2],

[1] IO L 256, 19.7.2021, lch. 3.
[2] IO C 458, 12.11.2021, lch. 20.

De bhrí go n-éilíonn na barúlacha sa tuarascáil ón gCúirt Iniúchóirí i ndáil leis an mbliain airgeadais 2020 barúlacha áirithe ón gComhairle, barúlacha atá i gceangal leis an moladh seo; de bhrí go gcuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé di go ndéanfaí obair leantach ar na barúlacha sin,

De bhrí, tar éis an scrúdaithe thuas, gur cuireadh chun feidhme buiséad an Chomhghnóthais ar shlí a cheadódh urscaoileadh a thabhairt i leith an chur chun feidhme sin,

MOLANN SÍ, LEIS SEO, do Pharlaimint na hEorpa urscaoileadh a thabhairt do Stiúrthóir Feidhmiúcháin an Chomhghnóthais i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

**BARÚLACHA A GHABHANN LEIS
AN MOLADH ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN URSCAOILEADH ATÁ LE TABHAIRT DON CHOMHGHNÓTHAS RÍOMHAIREACHTA ARDFHEIDHMÍOCHTA EORPACH**

Is díol sásaimh don Chomhairle an tuairim ón gCúirt go gcuirtear in iúl go cothrom i gcuntais bhliantúla an Chomhghnóthais mar a bhí an 31 Nollaig 2020, ar gach slí ábhartha, a staid airgeadais agus torthaí a chuid oibríochtaí, a shreabha airgid, agus na hathruithe ar ghlansócmhainní don bhliain dar chríoch an dáta céanna, i gcomhréir le forálacha Rialachán Airgeadais an Chomhghnóthais, agus go bhfuil na hidirbhearta is bunús leo do 2020 dlíthiúil agus rialta, ar gach slí ábhartha. Mar sin féin, ní mór roinnt barúlacha a thabhairt.

Tugann an Chomhairle dá haire na leibhéil ísle cur chun feidhme íocaíochta le haghaidh íocaíochtaí riaracháin agus oibríochtúla araon agus molann sí don Chomhghnóthas dlús a chur lena chur chun feidhme íocaíochta.

Tugann an Chomhairle dá haire, maidir le rialuithe inmheánacha an Chomhghnóthais, go raibh roinnt gníomhaíochtaí maidir leis na prionsabail rialaithe a bhaineann le gníomhaíochtaí measúnaithe agus rialaithe riosca, agus faireacháin fós le cur i gcrích ag deireadh 2020. Dá bhrí sin, iarrann an Chomhairle ar an gComhghnóthas na gníomhaíochtaí sin a chur i gcrích a luaithe is féidir.

Ar an tslí chéanna, ag deireadh 2020, ní raibh nósanna imeachta iontaofa forbartha ag an gComhghnóthas chun ranníocaíochtaí comhchineáil a bhailíochtú agus a dheimhniú arna ndearbhú ag a chomhaltaí príobháideacha agus ag a Stáit Rannpháirteacha, ná níor bhunaigh sé nós imeachta cuntasaíochta iomchuí chun na ranníocaíochtaí comhchineáil sin a aithint. Dá bhrí sin, iarrann an Chomhairle ar an gComhghnóthas aghaidh a thabhairt ar an staid sin a luaithe is féidir, ionas go mbeifear in ann bainistiú, faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar ghnóthú an leibhéil íosta ranníocaíochtaí comhchineáil atá le déanamh ag a chomhaltaí príobháideacha agus ag a Stáit Rannpháirteacha.